

Aguisín A

Anseo – uirlis tinrimh inghníomhaithe le haghaidh scoileanna

Is cur chuige fianaise-bhunaithe é an Córas Tacaíochtaí Ighnéitheacha illeibhéil (MD-MTSS), ar a dtugtar Anseo i gcomhthéacs na hÉireann, chun tinreamh scoile a fheabhsú. Cuireann an tsamhail trí shraith ar chumas scoileanna patrúin neamhláithreachta a aithint ag leibhéal an scoláire, an ranga agus na scoile ina hiomláine agus freagraí casta agus tráthúla a fhorbairt ar na príomhchúiseanna le neamhláithreacht scoile laistigh de gach sraith (Kearney agus Graczyk, 2020).

Tá trí scoil is seasca tar éis páirt a ghlacadh sa chéad chéim de chlár Anseo. Is rud spreagúil é go bhfuil feabhsuithe i dtorthaí tinrimh á dtuairisciú ag roinnt de na scoileanna seo cheana féin. Tá sonraí tinrimh úsáidte ag scoileanna Anseo chun pleanáil, idirghabhálacha agus cleachtas a threorú, rud a thacaíonn le cur chuige níos straitéisí agus níos spriocdhírithé i leith feabhsú tinrimh. Déanfar Anseo a leathnú le go mbeidh teacht ag scoileanna eile air in 2026 agus ina dhiaidh sin.

Léiríonn na samplaí thíos réimse tionscnamh atá curtha i bhfeidhm agus a bhfuil meastóireacht déanta orthu ag scoileanna Anseo, ag baint úsáid as maoiniú, agus a léirigh tionchar dearfach ar thinreamh. Leagann na samplaí seo amach cur chuige féideartha seachas gníomhartha sonracha a fhorordú, agus coinníonn scoileanna solúbthacht chun freagraí a roghnú a chomhlíonann riachtanais a bpobal scoile féin ar an mbealach is fearr.

Bunscoil

- Feachtais sna meáin shóisialta chun teachtaireachtaí dearfacha maidir le tinreamh a chur chun cinn
- Póstaeir agus teastais tinrimh a dhearadh agus a phriontáil
- Ceannaigh sonóg Anseo agus ábhair ghaolmhara
- Pasanna oibre baile a phriontáil agus a lannú
- Clubanna Bricfeasta (e.g. “Déardaoin Tósta”)
- Seisiúin eolais do thuismitheoirí na Naíonán Sóisearach ar thábhacht an tinrimh (m.sh. maidineacha caife)
- Suaitheantais tinrimh chun iompraíochtaí dearfacha láithreachta a chur chun cinn
- Imeachtaí tráthnóna do thuismitheoirí na ranganna sóisearacha (e.g. oícheanta scéalta roimh am codlata) ag díriú ar thinreamh agus ar ghnáthaimh chodlata shláintiúla.
- Tionscnaimh tinrimh shéasúracha: (e.g. Crainn Aidbhinte Tinrimh, Tionscnamh Tinrimh Taibhsiúil Oíche Shamhna)
- Seomraí cothaithe nó Zóin Zen a fhorbairt
- Duaiseanna do na ranganna is mó feabhais (e.g. turais áitiúla, cóisirí tae ranga le ceannaireacht na scoile).
- Trealamh a cheannach chun tacú le tús bog a chur leis an lá scoile
- Club lóin, lena n-áirítear cluichí boird, ealaíona agus ceardaíocht agus gníomhaíochtaí sóisialta struchtúrtha

Iar-bhunscoil

- Feachtais sna meáin shóisialta chun teachtaireachtaí dearfacha maidir le tinreamh a chur chun cinn
- Rannpháirtíocht scoláirí agus cur i láthair agus ábhar tinrimh á bhforbairt
- Póstaeir agus teastais tinrimh a dhearadh agus a phriontáil
- Cáirte poist tinrimh deartha agus seolta chuig thuismitheoirí/caomhnóirí



Seirbhís Tacafóichta
Oideachais Tusla
Tusla Education Support Service

- Dearbháin don phictiúrlann nó do ghníomhaíocht
- Turais scoile le haghaidh ranganna a léiríonn feabhas ar thinreamh (e.g. babhláil, cuairteanna ar an bpictiúrlann)
- Crannchur Scoile le haghaidh scoláirí a léiríonn feabhas ar thinreamh, a mbeidh duaiseanna cuí ag dul leo (e.g. feisteas scoile, rothair, rianairí aclaíochta)
- Forbairt ghairmiúil múinteoirí chun tacú le tinreamh (e.g. Seiceáil agus Ceangail, Cleachtas atá Eolasach ar Thráma, Cairde ar Feadh an tSaoil, Cleachtas Athchóiritheach)